| | |
|---|---|
| **COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH** | **An Bhruiséil, 16 Samhain 2012 (20.11) (OR. en)** |
| **Comhad Idirinstitiúideach: 2011/0309 (COD)** | **16131/12** |
| | **LIMITE** |
| | **ENER 461**<br>**ENV 847**<br>**MARE 8**<br>**COMAR 16**<br>**PROCIV 178**<br>**CODEC 2646** |

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coreper/An Chomhairle |
| Uimhir an togra ón gCoim.: | 16175/11 ENER 344 ENV 832 MARE 1 COMAR 1 PROCIV 144 CODEC 1871 |
| Ábhar: | **ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE ITF (FUINNEAMH) AN 3 NOLLAIG 2012**<br>Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht gníomhaíochtaí sirtheoireachta, taiscéalaíochta agus táirgthe ola agus gáis amach ón gcósta<br>- An tuarascáil ón Uachtaránacht maidir leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo |

***Réamhrá***

1. Ghlac an Coimisiún an togra thuasluaite an 27 Deireadh Fómhair 2011, agus Airteagal 192(1) CFAE á mholadh mar bhunús dlí. Rinne an Coimisiún cur i láthair ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle (ITF - Fuinneamh) an 24 Samhain 2011. Cuireadh tuarascáil ar an dul chun cinn[1] i láthair ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle ITF (Fuinneamh) an 15 Meitheamh 2012, inar tugadh treoir maidir le breis scrúdú a dhéanamh ar an gcomhad.

2. An 9 Deireadh Fómhair 2012, chaith Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) de chuid na Parlaiminte Eorpaí vóta maidir leis an togra agus thug sé sainordú don rapórtéir Ivo Belet idirbheartaíocht a dhéanamh leis an gComhairle.

[1] Féach 10205/12

3. Ba cheart go dtiocfadh an dá Institiúid ar chomhaontú ar an gcéad léamh faoin dréacht-Treoir maidir le sábháilteacht amach ón gcósta a luaithe agus is féidir. Shocraigh an Uachtaránacht agus an rapóirtéir mar sin an chéad chruinniú neamhfhoirmiúil trípháirteach a thionól an 29 Samhain 2012, d'fhonn seasaimh an dá Institiúid faoi seach a shainaithint agus d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an mbealach iomchuí chun tosaigh.

***An dul chun cinn atá déanta***

4. D'ardaigh na toscaireachtaí ábhair imní éagsúla maidir le gnéithe difriúla den togra agus scrúdú forleathan á dhéanamh ag an Meitheal um Fhuinneamh faoi Uachtaránacht na Cipire. Tá comhréitigh i gcónaí á lorg ag an Uachtaránacht lena gcuirtear bunús ar fáil do dhréacht-sainordú don chéad chruinniú thrípháirteach a bheidh ar siúl an 29 Samhain 2012. Gan dochar do na hábhair shonracha imní atá ag na toscaireachtaí aonair, léirítear go hachomair leis an mbreac-chuntas seo a leanas na príomh-shaincheisteanna a pléadh agus na hábhair imní a d'ardaigh na toscaireachtaí:

(a) Ionstraim dlí - Rialachán nó Treoir:

- Tar éis plé a dhéanamh le comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle agus leasú an PE maidir leis an bhfoirm dhlíthiúil a athrú go Treoir á chur san áireamh, rinneadh an dréacht-téacs ón gComhairle a athdhréachtú go formáid Treorach.

(b) Rannpháirtíocht phoiblí a bhaineann le taiscéalaíocht ola agus gáis amach ón gcósta

- Cé gur díol sásaimh do na tosaireachtaí i gcoitinne prionsabal na forála sin, lena n-ordaítear go gcaithfidh comhairliúchán poiblí a bheith ann ag céim na pleanála nó ag céim an tionscadail sula gcuirfear tús le haon druileáil taiscéalaíochta, tá roinnt toscaireachtaí imníoch faoin bhforáil sin a áireamh sa Treoir. De réir na dtoscaireachtaí sin, b'fhearr an fhoráil a chur sa reachtaíocht ábhartha a bhaineann leis an gcomhshaol.

(c) Dliteanas i leith damáiste don chomhshaol

- Ba mhaith le toscaireachtaí áirithe an córas dliteanais a thagann faoin Treoir a leathnú chun go n-áireofaí leis dliteanais eile chomh maith le dliteanas comhshaoil. Féadfaidh tromlach na dtoscaireachtaí, áfach, teacht ar chomhaontú maidir leis an togra ón gCoimisiún chun an raon feidhme a theorannú go damáiste comhshaoil.

(d) Údarás Inniúil

- Rinne comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle plé domhain ar na forálacha a bhaineann leis an údarás inniúil i bhfianaise an imní mhóir a chuir an chuid is mó de na toscaireachtaí in iúl. Féadfaidh tromlach na dtoscaireachtaí, áfach, comhaontú nach mór ar a laghad údarás feidhme an údaráis inniúil a áirithiú. Thairis sin, leagtar síos sa dréacht-téacs ón gComhairle gur cheart go mbeadh acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais an údaráis inniúil ar cóimhéid le leibhéal oibríochtaí ola agus gáis an Bhallstáit. Tá na forálacha a bhaineann leis an údarás inniúil fós á meas ag na toscaireachtaí.

(e) Oibríochtaí ola agus gáis a dhéantar taobh amuigh den Aontas

- Is ar na Ballstáit a dtagann oibríochtaí ola agus gáis faoina ndlínse amháin a dhírítear na forálacha ábhartha maidir le hoibríochtaí amach ón gcósta taobh amuigh den Aontas. Foráiltear leis na forálacha sin go ndéanfaidh na cuideachtaí AE-bhunaithe a oibríonn taobh amuigh den Aontas tuairisciú sainordaitheach ar thimpistí móra a bhí acu chun go gcuirfear feabhas i gcónaí ar shábháilteacht na n-oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta agus ar an gcosaint chomhshaoil a bhaineann le hoibríochtaí san Aontas. Cé go bhféadfar tacú le prionsabal na bhforálacha sin i gcoitinne, tá siad fós a meas ag roinnt toscaireachtaí.

Éifeachtaí trasteorann

- Léirítear leis na forálacha lena ndéileáiltear le héifeachtaí trasteorann an toradh a bhí ar an bplé cuimsitheach i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle, go háirithe i ndáil leis an idirghníomhaíocht idir na Ballstáit a bhfuil oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta acu agus na Ballstáit nach bhfuil, i gcomhthéacs ullmhachta chun práinne agus práinnfhreagartha. Ar mhaithe le soiléireacht, measadh gurb iomchuí é na forálacha uile maidir le héifeachtaí trasteorann a chur i gcaibidil nua, agus de réir dealraimh, féadfaidh na toscaireachtaí glacadh leis sin.

(g) Trasuí agus seolaithe

- Ní dhírítear le forálacha na Treorach ar Bhallstáit atá "talamhiata". I gcás na mBallstát a bhfuil imeallbhord acu ach nach bhfuil aon oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta faoina ndlínse, agus nach bhfuil sé beartaithe acu oibríochtaí den chineál sin a cheadúnú, ní bheidh oibleagáid orthu ach na forálacha maidir le hullmhacht práinne agus práinnfhreagairt agus pionóis a thrasuí.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, mar a léireoidh an Uachtaránacht ag an gComhairle ITF (Fuinneamh) an 3 Nollaig 2012, a thabhairt dá aire. Déanfaidh an Uachtaránacht nuashonrú ó bhéal ar an Nóta seo ag an gcruinniú ag bheidh ag an gComhairle.